

# ELeathanach 426

Dé Luain, an 5 Nollaig 2022



## Cóisir mhór ag an toirtís

Is é Jonathan an toirtís an t-ainmhí talaimh is sine ar domhan. Tá cónaí air ar Oileán Naomh Helena san Aigéan Atlantach Theas.


Bhí cóisir mhór aige dá lá bhreithe thar an deireadh seachtaine. Mhair an chóisir trí lá! Ach ba lá breithe tábhachtach é.

Creid é nó ná creid é, is cosúil go bhfuil Jonathan an toirtís 190 bliain d'aois! Níl aon duine go hiomlán cinnte faoina aois, ach tá grianghraf acu ó 1882 nuair a bhog Jonathan go hOileán Naomh Helena, agus ceapann siad go raibh sé 50 sa ghrianghraf sin.

D'fhreastail daoine ón oileán agus toirtísí eile ar an gcóisir thar an deireadh seachtaine.










## Froganna i mbaol

Mar gheall ar an athrú aeráide tá ainmhithe i mbaol ar fud an domhain. Tá athrú ag teacht ar an aimsir, agus dá bharr sin, tá níos lú oighir san Artach agus tá sé níos deacra ag an mbéar bán teacht ar bhia.

Chomh maith leis sin, tá froganna i mbaol. San Astráil, tá laghdú mór ar líon na bhfroganna ó 1980 ar aghaidh. Chun aird daoine a tharraingt ar an bhfadhb seo, tá rud éigin spéisiúil déanta ag eolaithe. Rinne siad taifeadadh ar 43 frog éagsúil agus chuir siad albam le chéile ag úsáid na bhfuaimeanna sin.

Tá súil acu go mbainfidh an t-albam an chéad áit ar an gcairt cheoil san Astráil. Beidh ar na froganna an bua a fháil ar Taylor Swift chun é seo a bhaint amach.

## Pictiúr bunoscionn!

B'ealaíontóir cáiliúil é Mondrian. Rugadh é san Ísiltír ar an 7 Márta 1872 agus fuair sé bás i Nua-Eabhrac ar an 1 Feabhra 1944.

Bhí Mondrian gafa le healaín theibí agus ina chuid ealaíne. Don chuid is mó, d'úsáid sé línte díreacha agus na dathanna dearg, gorm, buí, dubh agus bán.

Rinne sé an pictiúr *New York City 1* agus tá sé ar crochadh in Dusseldorf sa Ghearmáin. Chruthaigh sé an píosa ealaíne in 1941.

Le déanaí, chonaic daoine grianghraf den phictiúr seo ó 1941 agus tá cuma air go bhfuil sé ar crochadh bunoscionn le 75 bliain anuas. Ní féidir muintir an ghailéaraí é a athrú anois ar eagla go ndéanann siad damáiste don ealaín!



Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta